Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2024
(OR. en)

10093/24
PV CONS 24
ECOFIN 595

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

14 Bealtaine 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9431/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9509/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9510/24

Ceartas agus Gnóthaí Baile

1. **Rialachán Eurodac** ❶C
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

9020/24
\+ ADD 1 REV 1
PE-CONS 15/24
ASILE

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, Málta agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointí (c), (d), (e) agus (g), Airteagal 79(2), pointe (c), Airteagal 87(2), pointe (a), agus Airteagal 88(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | |
|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024 | 9024/24<br>+ ADD 1 REV 1<br>PE-CONS 16/24<br>ASILE |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, Málta agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointe (d) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | |
|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024 | 9025/24<br>+ ADD 1 REV 1<br>PE-CONS 17/24<br>JAI |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, Málta agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagail 77(2) agus 79(2)(c) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | |
|---|---|---|
| **4.** | **Rialachán maidir le Creat Athlonnaithe**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024 | 9027/24<br>+ ADD 1 REV 1<br>PE-CONS 18/24<br>ASILE |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Pholainn agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointí (d) agus (g) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

5. **Rialachán maidir le géarchéimeanna i réimse na himirce agus an tearmainn** ❶C 9028/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 19/24 JAI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ostair, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointe (d) agus (e) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

6. **Rialachán maidir le Scagadh Teorann** ❶C 9029/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 20/24 FRONT
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

7. **Rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce** ❶C 9030/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 21/24 ASILE
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir an Pholainn agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Ostair, Poblacht na Seice agus Málta ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointe (e), agus Airteagal 79(2), pointí (a), (b) agus (c) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

8. **An Rialachán maidir le Scagadh Teorann – leasuithe iarmhartacha**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

◐C 9031/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 22/24 FRONT

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2)(e), Airteagal 79(2)(c), Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d), agus Airteagal 87(2)(a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

9. **Treoir maidir le Dálaí Glactha**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

◐C 9021/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 69/23 ASILE

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ostair, an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2)(f) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

10. **An Rialachán Cáilitheachta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8 Bealtaine 2024

◐C 9022/24 + ADD 1 REV 1 PE-CONS 70/23 ASILE

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an Pholainn ag vótáil ina choinne agus an Ostair, Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 78(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 79(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Treoir maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha** SC 9786/24 9787/24
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-Treoir a leagtar amach in 9925/24. Seolfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an nós imeachta a bhaineann le cinneadh ón gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an athuair a luaithe is féidir.

4. **An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach** SC 9680/24
(a) **Treoir a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach** 9681/24
*Cur chuige ginearálta*
(b) **Rialachán a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach (Bunús dlí: Airteagal 113 CAE)** 9683/24
*Comhaontú polaitiúil*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an dréacht-Treoir maidir le rialacha CBL don ré dhigiteach agus ar chomhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le socruithe riaracháin CBL a bhfuil gá leo don ré dhigiteach.

5. **Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair** 8151/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**6. An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach: Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL (Bunús dlí: Treoir 2006/112/CE)** 9684/24
*Comhaontú polaitiúil*

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> i seisiún poiblí d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna CBL áirithe.

7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip
   (a) An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme
   *Staid na hImeartha* 9303/24 + ADD 1
   (b) Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (Bunús dlí: Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241) 9399/24 + ADD 1
   *Glacadh*

8. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
*Seisiún tuairimíochta*

9. Conclúidí maidir leis na dúshláin i leith na hinbhuanaitheachta fioscaí a eascraíonn as an aosú 9159/24
*Formheas*

10. Obair leantach ar chruinniú Airí Airgeadais G20 agus Gobharnóirí Bainc Cheannais an 17-18 Aibreán 2024 agus ar chruinnithe earraigh CAI 9373/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

11. Conclúidí maidir le litearthacht airgeadais 9529/24
*Formheas*

12. Aon ghnó eile

Comhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhaíocht ar mhaithe leis an Aeráid — 9594/24

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón Ísiltír*

---

S Nós imeachta reachtach speisialta

PP Plé poiblí (Airteagal 8(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9510/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán Eurodac**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d’fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.’

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe. Is léir go bhfuil an easpa cothromaíochta sin ann toisc nach Ballstát túslíne í an Ungáir, ach is Ballstát í a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha aici, agus is í atá freagrach i gcónaí as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, chuirfí d’oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen. Ba cheart ár gcuid iarrachtaí a aithint freisin mar chineál dlúthpháirtíochta. Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

I gcomhréir lenár seasamh comhsheasmhach, ní féidir leis an Ungáir tacú le sásra dlúthpháirtíochta a bhunú atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach agus, dá bhrí sin, ní aontaíonn sí le fritháireamh freagrachta a thabhairt isteach mar ghné éigeantach den chreat dlúthpháirtíochta. Is léir ó na cinntí ón gComhairle a glacadh in 2015 nach laghdóidh sásra dlúthpháirtíochta atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach an t-ualach ar na córais tearmainn; a mhalairt ar fad, is amhlaidh a mhéadaíonn sé líon na ndaoine atá ag teacht isteach.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh Rialachán Eurodac, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe. Is léir go bhfuil an easpa cothromaíochta sin ann toisc nach Ballstát túslíne í an Ungáir, ach is Ballstát í a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha aici, agus is í atá freagrach i gcónaí as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, chuirfí d'oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen. Ba cheart ár gcuid iarrachtaí a aithint freisin mar chineál dlúthpháirtíochta. Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Tá athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ríthábhachtach i gcónaí chun an chothromaíocht cheart a sholáthar idir comhroinnt chóir na freagrachta i measc na mBallstát uile agus dlúthpháirtíocht éifeachtach leis na Ballstáit sin atá i ngátar.

I ndáil leis sin, cé go ngabhann sé buíochas le hUachtaránachtaí na Spáinne agus na Beilge agus leis an gCoimisiún as na hiarrachtaí a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, tá Málta den tuairim nach bhforáiltear don chothromaíocht cheart fós sna téacsanna críochnaitheacha i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Mar Bhallstát beag oileánda a bhfuil leochaileachtaí ar leith aige, tá ualach suntasach le sárú cheana ag Málta tríd an *acquis* atá ann faoi láthair, mar a luadh cheana i mí an Mheithimh 2023. Leis na gnéithe a leagtar amach san athchóiriú, méadófar na freagrachtaí a thuilleadh agus, cé go bhfuil an sásra dlúthpháirtíochta buan agus éigeantach, tá sé fós solúbtha agus ní chuireann sé na dearbhuithe is gá ar fáil go gcomhlíonfar na riachtanais a sainaithníodh ina n-iomláine.

Dá bhrí sin, tá Málta ag staonadh maidir leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na rialacháin atá beartaithe. Is léir go bhfuil an easpa cothromaíochta sin ann toisc nach Ballstát túslíne í an Ungáir, ach is Ballstát í a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha aici, agus is í atá freagrach i gcónaí as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, chuirfí d'oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen. Ba cheart ár gcuid iarrachtaí a aithint freisin mar chineál dlúthpháirtíochta. Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir le Creat Athlonnaithe**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin lena mbunaítear creat athlonnaithe Eorpach, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

‘1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.’

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

‘Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go ndírítear sa Chomhshocrú ar chúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d’fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le géarchéimeanna i réimse na himirce agus an tearmainn**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

## RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN

Is díol sásaimh don Liotuáin an comhréiteach ar thángthas air i ndáil leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann lena rannchuideofar le bainistiú tearmainn agus imirce níos éifeachtaí san Aontas. Leagann an Liotuáin béim freisin ar a thábhachtaí atá sé bearta freagartha daingne agus éifeachtacha ón Aontas a áirithiú maidir le himircigh a bheith á n-úsáid mar uirlis ag réimis naimhdeacha ag ár dteorainneacha seachtracha.

Mar sin féin, creidimid go bhféadfadh na bearta freagartha a bunaíodh sa Rialachán maidir le Géarchéimeanna a bheith níos uaillmhianaí agus níos diongbháilte fós. I ndáil leis an méid sin, is oth linn nár caomhnaíodh gnéithe áirithe de shainordú na Comhairle i ndáil leis an rialachán maidir le géarchéimeanna, go háirithe na forálacha lena mbunaítear uasfhad an nós imeachta teorann i gcásanna ionstraimithe.

De mheon an chomhréitigh, chinn an Liotuáin vótáil i bhfabhar an rialacháin maidir le géarchéimeanna, ach iarraimid ar an Aontas leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fheiniméan an ionstraimithe agus réitigh bhreise a fhorbairt chun é a chosc agus chun freagairt dó ar bhealach níos éifeachtaí fós.

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe. Is léir go bhfuil an easpa cothromaíochta sin ann toisc nach Ballstát túslíne í an Ungáir, ach is Ballstát í a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha aici, agus is í atá freagrach i gcónaí as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, chuirfí d’oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen. Ba cheart ár gcuid iarrachtaí a aithint freisin mar chineál dlúthpháirtíochta. Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

I gcomhréir lenár seasamh comhsheasmhach, ní féidir leis an Ungáir tacú le sásra dlúthpháirtíochta a bhunú atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach agus, dá bhrí sin, ní aontaíonn sí le fritháireamh freagrachta a thabhairt isteach mar ghné éigeantach den chreat dlúthpháirtíochta. Is léir ó na cinntí ón gComhairle a glacadh in 2015 nach laghdóidh sásra dlúthpháirtíochta atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach an t-ualach ar na córais tearmainn; a mhalairt ar fad, is amhlaidh a mhéadaíonn sé líon na ndaoine atá ag teacht isteach.

Tá an Ungáir suite de nach réiteach inmharthana a bheadh sa togra comhréitigh maidir leis an rialachán maidir le géarchéimeanna chun déileáil le géarchéim imirce nó le hionstraimiú, toisc, i measc nithe eile, go bhfuil sé mar aidhm leis na géarchéimeanna a réiteach go príomha trí dhlúthpháirtíocht agus go gceadaítear athshocrú éigeantach *de facto* agus *de jure* leis, agus ag an am céanna thiocfadh méadú as cuimse ar na sreabha imirce as sin, rud a dhéanfaidh na géarchéimeanna a dhoimhniú agus na riachtanais dlúthpháirtíochta a mhéadú.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin lena dtugtar aghaidh ar staideanna géarchéime agus *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn, (an Rialachán maidir le Géarchéimeanna), ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

## RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d’fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le Scagadh Teorann**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

‘Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d’fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin maidir le Scagadh Teorann, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Tagann na módúlachtaí chun réamhsheiceálacha sláinte a dhéanamh, dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Scagadh Teorann, faoi inniúlacht na mBallstát. Ba leor an fhéidearthacht go ndéanfaí measúnú aonair *prima facie* chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil gá le seiceáil sláinte bhreise, agus na himthosca sonracha aonair á gcur san áireamh. Leis sin, chomh maith leis an sainmhíniú leathan atá ann ar phearsanra leighis cáilithe, beidh na Ballstáit in ann úsáid chomhréireach a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Féadfaidh na Ballstáit suíomhanna leordhóthanacha agus iomchuí a roghnú chun scagadh a dhéanamh laistigh den chríoch laistigh de thréimhse 3 lá tar éis na gabhála.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe. Is léir go bhfuil an easpa cothromaíochta sin ann toisc nach Ballstát túslíne í an Ungáir, ach is Ballstát í a bhfuil teorainneacha seachtracha suntasacha aici, agus is í atá freagrach i gcónaí as deireadh a chur leis an mbrú imirce atá ar an Aontas Eorpach. Sa bhreis ar an bhfreagracht sin, leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, chuirfí d'oibleagáid ar an Ungáir leibhéal i bhfad níos airde acmhainneachta a áirithiú chun nósanna imeachta teorann a chur i gcrích ná mar a bheadh ar Bhallstáit eile, rud atá éagórach agus neamhréadúil i bhfianaise ár suímh gheografaigh.

Ó 2015 i leith, tá an Ungáir tiomanta do theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, gan tacaíocht ón Aontas, i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi *acquis* Schengen. Ba cheart ár gcuid iarrachtaí a aithint freisin mar chineál dlúthpháirtíochta. Os a choinne sin, leis an gcreat dlíthiúil nua atá beartaithe, ní mheastar gur dlúthpháirtíocht iad acmhainní ó bhuiséid náisiúnta a chaitear ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a chosaint, ach ina ionad sin forchuirtear oibleagáidí breise maidir le dlúthpháirtíocht a sholáthar do Bhallstáit eile agus maidir le bheith freagrach as deireadh a chur leis an imirce neamhdhleathach.

I gcomhréir lenár seasamh comhsheasmhach, ní féidir leis an Ungáir tacú le sásra dlúthpháirtíochta a bhunú atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach agus, dá bhrí sin, ní aontaíonn sí le fritháireamh freagrachta a thabhairt isteach mar ghné éigeantach den chreat dlúthpháirtíochta. Is léir ó na cinntí ón gComhairle a glacadh in 2015 nach laghdóidh sásra dlúthpháirtíochta atá bunaithe ar dháileadh éigeantach imirceach an t-ualach ar na córais tearmainn; a mhalairt ar fad, is amhlaidh a mhéadaíonn sé líon na ndaoine atá ag teacht isteach.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

'Tá athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ríthábhachtach i gcónaí chun an chothromaíocht cheart a sholáthar idir comhroinnt chóir na freagrachta i measc na mBallstát uile agus dlúthpháirtíocht éifeachtach leis na Ballstáit sin atá i ngátar.

I ndáil leis sin, cé go ngabhann sé buíochas le hUachtaránachtaí na Spáinne agus na Beilge agus leis an gCoimisiún as na hiarrachtaí a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, tá Málta den tuairim nach bhforáiltear don chothromaíocht cheart fós sna téacsanna críochnaitheacha i ndáil leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.

Mar Bhallstát beag oileánda a bhfuil leochaileachtaí ar leith aige, tá ualach suntasach le sárú cheana ag Málta tríd an *acquis* atá ann faoi láthair, mar a luadh cheana i mí an Mheithimh 2023. Leis na gnéithe a leagtar amach san athchóiriú, méadófar na freagrachtaí a thuilleadh agus, cé go bhfuil an sásra dlúthpháirtíochta buan agus éigeantach, tá sé fós solúbtha agus ní chuireann sé na dearbhuithe is gá ar fáil go gcomhlíonfar na riachtanais a sainaithníodh ina n-iomláine.

Dá bhrí sin, tá Málta ag staonadh maidir leis an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

**Maidir le mír 8 ar liosta na míreanna 'A':** **An Rialachán maidir le Scagadh Teorann – leasuithe iarmhartacha**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin maidir le scagadh teorann (leasuithe iarmhartacha), ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**Ráiteas ón bPolainn**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le Dálaí Glactha**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe.

Is é seasamh daingean na hUngáire gurb é is aidhm don leasú ar an Treoir maidir le Dálaí Glactha, i dteannta gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, tacú le stiúradh éifeachtúil an nós imeachta tearmainn. Mar sin féin, ó 2018 i leith, tá sé éirithe níos soiléire fós go spreagtar sreabha imirce chun na hEorpa freisin de bharr tosca tarraingthe, mar shampla an raon leathan sochar a chuirtear ar fail leis an dréacht reatha (rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú agus liúntas speansas laethúil a chur ar fáil i bhfoirm suim airgid) nó na rialacha ró-sholúbtha maidir le hiarrthóirí tearmainn a choinneáil, nach spreagann ach imirce neamhdhleathach inimirceach eacnamaíoch nach bhfuil incháilithe le haghaidh cosanta chun na hEorpa.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh athmhúnlú na Treorach maidir le Dálaí Glactha, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontais Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn fritháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 10 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Rialachán Cáilitheachta**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Gabhann an Bhulgáir buíochas le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as an obair chrua a rinneadh le linn na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa, ar cuireadh bailchríoch ar an athchóiriú tearmainn mar thoradh uirthi.

Is díol sásaimh dúinn an comhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air. Forálfar leis an gcóras nua tearmainn d'fhreagairt Eorpach comhpháirteach, lánfheidhme agus struchtúrtha, agus cothromaíocht idir dlúthpháirtíocht agus freagracht á háirithiú ag an am céanna. Ós rud é gur Ballstát túslíne í an Bhulgáir atá neamhchosanta i gcónaí ar riosca géarchéime imirce agus a bhfuil níos mó gealltanas á dtabhairt aici chun feidhmiú cuí limistéar Schengen a ráthú, beidh sí ag brath, de mheon na dlúthpháirtíochta, ar fhreagracht chothrom chomhroinnte agus ar thacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail atá cumhdaithe i mBunreacht na Bulgáire agus go bhfuil sé i gceist aici difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá bhrí sin, tá an Bhulgáir buíoch as na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní náisiúnta i dtaobh téarmaí a úsáid a bhaineann le hinscne i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn i bhfianaise an chinnidh ó chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire.

Ní chuireann an Bhulgáir i gcoinne ghlacadh an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, ach is mian léi a chur in iúl go ndéanfaimid léirmhíniú ar an téarmaíocht a bhaineann le hinscne a úsáidtear i roinnt gníomhartha atá mar chuid den phacáiste tearmainn de réir bhrí catagóire bitheolaíche (mná agus fir).'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE

'Aithníonn Poblacht na Seice gur gá athchóiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear beartas imirce agus tearmainn an Aontais. Léiríodh le roinnt dúshlán, agus go háirithe na forbairtí ó ghéarchéim na ndídeanaithe in 2015-2016, leochaileacht ár gcórais, rud nach bhfuil inbhuanaithe a thuilleadh. Ós rud é gur le réiteach coiteann ar leibhéal an Aontais agus leis sin amháin a d'fhéadfaí freagairt leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil ar an Aontais agus na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu le chéile agus ina n-aonar araon, is mór againn an iarracht a rinneadh aghaidh a thabhairt ar na príomheasnaimh.

Le linn na caibidlíochta ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, shaothraigh Poblacht na Seice go háirithe na cuspóirí maidir le cosaint fheabhsaithe do theorainneacha seachtracha d'fhonn limistéar Schengen níos sábháilte a bhaint amach chomh maith le cothromaíocht fheidhmiúil idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Seice go sonrach nach mbunaítear leis an gcomhréiteach críochnaitheach oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a athlonnú ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha. San am céanna, agus cé gur mór aici feabhsuithe eile ar an gcóras atá ann faoi láthair, tugann Poblacht na Seice dá haire nár chomhlíon toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí uaillmhian shainordú na Comhairle agus gur cuireadh éifeachtúlacht roinnt ionstraimí i mbaol mar gheall ar ualach breise riaracháin ar na Ballstáit, rud a chruthaigh deacrachtaí praiticiúla chomh maith le costais mhéadaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir le cur chuige an phacáiste, chinn Poblacht na Seice staonadh ón vótáil ar ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe. Mar sin féin, is mór ag Poblacht na Seice spiorad aontacht an Aontais agus measann sí gur deis nua í an chloch mhíle sin chun leanúint ar aghaidh, le hiarracht atreisithe, le hathchóiriú breise a dhéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais agus béim ar leith á leagan ar an ngné sheachtrach agus ar smaointe nuálacha mar chuid de sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Tá an Ungáir lánchinnte i gcónaí gur gá Comhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt arb é is aidhm dó dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce neamhdhleathaí, lena n-íoslaghdaítear na dreasachtaí don imirce neamhdhleathach agus lena gcuirtear deireadh leo, ar deireadh, agus lena ndíspreagtar daoine ar mian leo mí-úsáid a bhaint as an gcóras tearmainn ó theacht isteach san Aontas Eorpach, agus lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann iarratais ar thearmann i dtríú tíortha a scrúdú ar bhonn phrionsabal na seach-chríochachais. Le bheith in ann na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór dúinn a aithint ar an gcéad dul síos nach féidir dúshláin dhomhanda na himirce a réiteach ar chríoch na hEorpa, dá bhrí sin níor cheart dúinn fadhbanna doréitithe a allmhairiú, ach cabhair a thabhairt nuair is gá.

Le bheith in ann Comhchóras Eorpach Tearmainn atá éifeachtach a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht, ach creidimid nár baineadh an chothromaíocht sin amach leis na gníomhartha reachtacha atá beartaithe.

Is é seasamh daingean na hUngáire nach mbeadh an Rialachán Cáilitheachta in ann freagairt leormhaith a thabhairt ar na réaltachtaí slándála atá athraithe i ngeall ar an oll-imirce, agus i gcás an tsainmhínithe leathnaithe ar bhall teaghlaigh atá beartaithe, is é an t-aon dóchas amháin atá againn nach gcuirfidh brath na n-iarrachtaí mí-úsáide ualach míchuí ar údaráis tearmainn na mBallstát.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar bhunluach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do ‘gnéas’ a dhéanann an Ungáir an téarma ‘inscne’ a léirmhíniú sna gníomhartha dlí ábhartha ar fad.

Ar deireadh, agus i gcomhréir leis an iarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach arís agus arís eile, tá an Ungáir diongbháilte i gcónaí gur gá teacht ar chomhthoil maidir le beartas éifeachtach imirce agus tearmainn gan tosca tarraingthe nua a chruthú.

Agus na cúiseanna thuasluaite á gcur san áireamh, níl an Ungáir in ann tacú le glacadh an Rialacháin Cáilitheachta, ós rud é gur gné dhoscartha é i gcóras atá lochtach ó bhonn.’

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

‘1. Is mór ag Rialtas Phoblacht na Polainne iarrachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiún Eorpaigh chun teacht ar chomhréiteach maidir le freagairt chuimsitheach fhreagrach ón Aontas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bpróiseas imirce atá ann faoi láthair. San am céanna, leagaimid béim ar an bhfíoras nach raibh deis cheart ag an Rialtas páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

2. Tugann Rialtas Phoblacht na Polainne dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistiú roinnt gnéithe den chóras imirce agus tearmainn. Mar sin féin, tá sé léirithe ag tuilleadh anailíse ar na gníomhartha dlíthiúla laistigh den Chomhshocrú nach dtugann siad aghaidh go leordhóthanach ar chás sonrach na mBallstát a bhfuil teorainn acu leis an mBealarúis agus leis an Rúis agus, mar gheall air sin, go bhfuil siad faoi bhrú ard leanúnach mar thoradh ar bhealaí imirce a cruthaíodh go saorga. Sa chomhthéacs sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur leag an Chomhairle Eorpach béim arís agus arís eile, lena n-áirítear na conclúidí uaithi ón 14 agus ón 15 Nollaig 2023, ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le feiniméan ionstraimiú na himirce agus cháin sí an úsáid ionstraimiú imirceach arna dhéanamh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil.

3. Tá Rialtas Phoblacht na Polainne den tuairim nach n-áirithítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann an chothromaíocht cheart idir an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina údar argóna amach anseo idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn Rialtas Phoblacht na Polainne vótáil i gcoinne na ngníomhartha dlíthiúla uile a thagann faoi raon feidhme an Chomhshocraithe.’

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

‘Aithníonn Poblacht na Slóvaice gur gá an Comhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Is mór ar fad againn iarrachtaí na nUachtaránachtaí rannpháirteacha uile. San am céanna, tuigimid nach raibh sé éasca teacht ar an gcomhréiteach.

Tá sé ríthábhachtach, áfach, nach dtarraingímid siar ó na seasaimh atá againn le fada an lá.

Tuigimid go bhféachann an Comhshocrú le cúiseanna na himirce sna tíortha tionscnaimh a réiteach, rud a d’fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a mhaolú.

Creidimid gur cheart cosaint chomhsheasmhach theorainneacha seachtracha an Aontais, chomh maith le beartas éifeachtach um fhilleadh, a bheith mar thosaíocht ag beartas rathúil imirce Eorpach.

Is inmhianaithe gach beart a dhéanamh chun imirce neamhdhleathach a chosc agus, san am céanna, cabhrú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Cé go n-aithnímid gur tréigeadh coincheap na gcuótaí éigeantacha athlonnaithe den chuid is mó, nílimid cinnte de go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach leis na tograí a cuireadh i láthair idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht.

Is prionsabal tábhachtach í an dlúthpháirtíocht chun an imirce a bhainistiú, ach creidimid nach mór an rogha maidir le foirm a bheith go hiomlán faoi chúram an Bhallstáit i gcónaí. Ní chomhlíonann na tograí an ceanglas sin, is baolach, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí airgeadais éigeantach mura n-athlonnaítear líon áirithe iarrthóirí tearmainn. San am céanna, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, bíonn frithháireamh freagrachta Bhaile Átha Cliath éigeantach freisin. Is tosca tarraingthe láidre iad na gnéithe sin ar dreasachtaí iad don imirce thánaisteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá Poblacht na Slóvaice ag vótáil i gcoinne na dtograí a cuireadh isteach i réimse na dlúthpháirtíochta – an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce chomh maith leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna agus ar chásanna *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn.

I bhfianaise chineál idirnasctha na dtograí uile a cuireadh isteach, staonaimid ón vótáil ar na tograí eile.’